# RÉASÚNÚ GEARR

1. Cúlra

Tá an togra le haghaidh Rialachán i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí) mar chuid de Straitéis Eorpach an Choimisiúin maidir le Sonraí, a fógraíodh i mí Feabhra 2020.

De réir an Choimisiúin, beartaíodh leis an nGníomh um Shonraí iarracht a dhéanamh "cothroime i leithdháileadh luach ó shonraí" agus "rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a chothú" a áirithiú. Agus leas á bhaint as an 80% de na sonraí tionsclaíocha nár úsáideadh, le méid measta de "175 zeitibheart in 2025", tá an Coimisiún "ag súil go gcruthófar €270 billiún de OTI breise faoi 2028", de réir a phreaseisiúint.

2. Seasamh an Rapóirtéara

Tá sé mar aidhm ag an rapóirtéir roinnt feabhsuithe a dhéanamh, go háirithe an méid seo a leanas:

A. I gcoinne easpa rialacháin maidir le sonraí pearsanta

Tá an ceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint fréamhaithe sa tuiscint gur gá do dhuine aonair, i sochaí dhaonlathach, a bheith in ann cinneadh a dhéanamh faoin bhfaisnéis atá ag daoine eile ina leith, agus smacht a fheidhmiú. Chun na leasanna bunúsacha sin a chosaint, níor cheart ligean do shonraí pearsanta a bheith ina dtráchtearra intrádála. Dá bhrí sin, ba cheart go dtarlódh comhroinnt sonraí ag sealbhóirí sonraí le tríú páirtithe go príomha chun críocha amhail seirbhísí iarmhargaidh a sholáthar, chun nuashonruithe a sholáthar lena socrófar fadhbanna slándála agus inúsáideachta, agus chun críocha seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí faoin nGníomh um Rialachas Sonraí.

B. Íoslaghdú sonraí agus teorannú stórála a neartú

Leanann na prionsabail maidir le íoslaghdú sonraí agus teorannú stórála sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ón gceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. I gcás nach bhfuil gá leis sin a thuilleadh chun críche próiseála, agus nuair is féidir, ba cheart do shealbhóirí sonraí sonraí a scriosadh nó sonraí a anaithnidiú. Ach amháin i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, chun an cuspóir a chomhlíonadh, ba cheart comhiomlánú, bréagainmniú, nó criptiú a chur i bhfeidhm. Tríd an méadú ar na sonraí atá ar fáil, agus tríd an teaglaim de thacair sonraí neamhphearsanta, éiríonn ath-shainaithint ábhair sonraí, fiú bunaithe ar thacair sonraí anaithnidithe, níos inchreidte. Ní mór é sin a chosc.

C. Sonraí pearsanta díorthaithe agus sonraí pearsanta atá bunaithe ar thátal a chur san áireamh

Ní le gairis amháin a tháirgtear na sonraí a bhaineann le forálacha an Ghnímh um Shonraí agus a chuirtear in iúl do shealbhóirí sonraí. Tagann roinnt sonraí ar nós meiteashonraí chun cinn i mbonneagar an tsealbhóra sonraí amháin. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí pearsanta sin a dhíorthaítear agus atá bunaithe ar thátal a bheith faoin raon feidhme agus ba cheart iad a sholáthar d'ábhair sonraí.

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Sa chaoi go mbeidh rochtain ***dhíreach éasca shlán***, i gcás inarb ábhartha agus i gcás ***inarb iomchuí***, ar ***shonraí*** agus ar ***sheirbhísí a ghintear trína n-úsáid agus trí réamhshocrú***, déanfar táirgí a dhearadh agus a mhonarú agus cuirfear seirbhísí gaolmhara ar fáil. | 1. ***Déanfar táirgí a dhearadh agus a mhonarú, agus cuirfear seirbhísí gaolmhara ar fáil,*** sa chaoi go mbeidh ***an t-úsáideoir sin in ann, mar réamhshocrú, na sonraí a gheofar, a bhaileofar, nó a ghinfear trí úsáid na dtáirgí sin a*** rochtain ***go héasca agus go slán agus***, i gcás inarb ***iomchuí agus*** ábhartha***, go díreach, i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go coiteann*** agus ***atá inléite ag meaisín, lena n-áirítear rochtain ar shonraí díorthaithe nó ar shonraí atá bunaithe ar thátal*** i gcás ***sonraí pearsanta***, ***agus faisnéis is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid. Beidh an t-úsáideoir in ann na sonraí a phróiseáil lasmuigh de rialú na sealbhóirí sonraí. I gcás inar ábhar sonraí é an t-úsáideoir sin, cuirfear deiseanna*** ar ***fáil leis na táirgí cearta na n-ábhar sonraí a fheidhmiú go díreach, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil. Déanfar táirgí a dhearadh*** agus ***a mhonarú, agus cuirfear seirbhísí gaolmhara*** ar ***fáil***, ***sa chaoi go dtabharfar deis d'ábhar sonraí, beag beann ar a theideal dlíthiúil ar an táirge, na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a úsáid ar an mbealach is lú a sháraíonn ar phríobháideachas. I gcás inar féidir le húsáideoirí a bheith ag súil leis go réasúnach mar gheall ar chineál an táirge,*** déanfar táirgí a dhearadh agus a mhonarú***,*** agus cuirfear seirbhísí gaolmhara ar fáil***, sa chaoi go ndéanfar buntacar feidhmiúlachtaí a chothabháil nuair a úsáidtear an táirge nó an tseirbhís ghaolmhar as líne***. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní bheidh inúsáidteacht an táirge nó na seirbhíse gaolmhaire ag brath ar an úsáideoir a chur ar a chumas sonraí a phróiseáil nach bhfuil ag teastáil le haghaidh fheidhmiúlacht an táirge nó le haghaidh sholáthar na seirbhíse gaolmhaire.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. I gcás ina dtugtar tacaíocht theicniúil do rochtain ar shonraí ar ghaireas, cuirfidh an monaróir an modh rochtana sin ar fáil go teicniúil freisin do sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sula ***dtabharfar i gcrích*** conradh chun táirge ***nó seirbhís ghaolmhar*** a cheannach, a fháil ar cíos nó ***a léasú***, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil don úsáideoir, i bhformáid ***shoiléir shothuigthe***: | 2. Sula ***dtabharfaidh an t-úsáideoir*** conradh chun táirge a cheannach, a fháil ar cíos nó ***ar léas i gcrích***, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil don úsáideoir ***ar bhealach tráthúil feiceálach***, i bhformáid ***atá inrochtana go héasca, soiléir agus sothuigthe***: |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(h) ceart an úsáideora gearán a thaisceadh lena líomhnaítear sárú ar fhorálacha na Caibidle seo leis an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 31.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Sula dtabharfaidh an t-úsáideoir comhaontú i gcrích maidir le seirbhís ghaolmhar a sholáthar, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil don úsáideoir i bhformáid shoiléir agus sothuigthe:*** |
| | ***(a) cineál, formáid, agus minicíocht bhailiúcháin na sonraí a chuirtear in iúl ón táirge don tseirbhís ghaolmhar, chomh maith le módúlachtaí d'úsáideoir an táirge chun na sonraí a rochtain nó a aisghabháil;*** |
| | ***(b) cineál agus méid measta aon sonraí a fuarthas, a bailíodh, a gineadh agus aon sonraí pearsanta a díorthaíodh nó a fuarthas bunaithe ar thátal le linn sholáthar na seirbhíse gaolmhaire, chomh maith le modúlachtaí don úsáideoir chun na sonraí a rochtain nó a aisghabháil;*** |
| | ***(c) an bhfuil sé beartaithe ag soláthraí na seirbhíse gaolmhaire na sonraí a phróiseáil é féin, an bhfuil sé ar intinn aige cead a thabhairt do thríú páirtí na sonraí a phróiseáil, agus, má tá, céannacht an tríú páirtí, na críocha dá ndéanfar na sonraí sin a phróiseáil, an tréimhse ar féidir rochtain a fháil orthu lena linn, agus na coimircí is gá tar éis don rochtain ar shonraí teacht chun*** |

***atá bunaithe ar thátal i gcás sonraí pearsanta, de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/679, agus lena n-áirítear an fhaisnéis ábhartha chun na sonraí a léirmhíniú agus a úsáid***. Déanfar é sin ar bhonn iarraidh shimplí trí ***mhodh*** leictreonach**.** I gcás ***nach*** bhfuil ***iarraidh leictreonach den sórt*** sin indéanta go teicniúil***, cuirfidh an sealbhóir sonraí rogha eile atá simplí agus éifeachtúil ar fáil***.

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina mbeidh sí ar fáil, cuirfidh an sealbhóir sonraí faisnéis ar fáil maidir le struchtúir sonraí, formáidí sonraí, foclóiríní, scéimeanna aicmiúcháin, tacsanomaíochtaí agus liostaí cód, a dtabharfar tuairisc orthu ar bhealach comhsheasmhach agus a chuirfear ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Tabharfaidh an sealbhóir sonraí tuairisc ar na modhanna teicniúla chun na sonraí a úsáid, amhail fearais forbartha bogearraí nó comhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir, agus a dtéarmaí úsáide agus cáilíocht na seirbhíse, ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun rochtain den sórt sin a chumasú.*** |

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) seirbhísí iar-mhargaidh a sholáthar, amhail cothabháil agus deisiú an táirge, lena n-áirítear seirbhísí iar-mhargaidh in iomaíocht le táirge nó seirbhís a sholáthraíonn sealbhóir na sonraí;*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) a chur ar chumas an úsáideora bogearraí a tháirge nó a sheirbhísí gaolmhara a nuashonrú go háirithe chun fadhbanna slándála agus inúsáidteachta a réiteach;*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) seirbhísí idirghabhála sonraí sonracha a aithnítear san Aontas nó seirbhísí sonracha arna soláthar ag eagraíochtaí altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas faoi choinníollacha agus ceanglais Chaibidlí III agus IV de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí);*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 – pointe f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f) tá siad in ann na ceanglais shonracha slándála sonraí agus rúndachta a chaomhnú a chomhfhreagraíonn do gach iarraidh [agus sonraí pearsanta a chosaint], agus léiríonn siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chuir siad i bhfeidhm chuige sin;*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 – pointe g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(g) tugann siad bonn cirt don riachtanas agus don chomhréireacht chun críche a gcuid taighde ar na sonraí arna n-iarraidh agus do na tréimhsí ama ar laistigh díobh a iarrann siad rochtain ar na sonraí, agus léiríonn siad an rannchuidiú le dul chun cinn eolaíoch nó acadúil, nó tairbhí ar mhaithe le leas an phobail, a bhaineann leis na torthaí taighde a bhfuiltear ag súil leo;*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 – pointe h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h) geallann siad a gcuid torthaí taighde a chur ar fáil go poiblí le haghaidh taighde breise saor in aisce, laistigh de thréimhse réasúnach tar éis an taighde a chur i gcrích agus cearta agus*** |

náisiúnta an Aontais nó a Bhallstát.

náisiúnta an Aontais nó a Bhallstát. ***Má chinntear i dtuairim na n-údarás inniúil nach bhfuil na coinníollacha á gcomhlíonadh, ní thabharfaidh an faighteoir rochtain ar na sonraí.***

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí a bunaíodh faoi Rialachán ***[xxx – DGA]*** comhairle agus cúnamh don Choimisiún i ndáil le treoirlínte a fhorbairt maidir le measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. | Tabharfaidh an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí a bunaíodh faoi Rialachán ***(AE) 2022/868*** comhairle agus cúnamh don Choimisiún i ndáil le treoirlínte a fhorbairt maidir le measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina bhfuil cúis ag soláthraí na seirbhísí próiseála sonraí lena chreidiúint go bhféadfadh an riosca go ndéanfaí sonraí neamhphearsanta nó anaithnidithe a ath-shainaithint mar thoradh ar aistriú sonraí neamhphearsanta nó ar rochtain orthu, iarrfaidh an soláthraí údarú ar na comhlachtaí nó ar na húdaráis ábhartha atá inniúil de bhun na reachtaíochta is infheidhme maidir le cosaint sonraí sula n-aistreoidh sé sonraí nó sula dtabharfaidh sé rochtain orthu.*** |

**Leasú 173**

